Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5375/21**

**STAT 8**
**FIN 40**
**INST 12**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14270/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Future of EU agencies – Potential for more flexibility and co-operation* [Gníomhaireachtaí an Aontais amach anseo - d'fhéadfadh tuilleadh solúbthachta agus comhair a bheith ann]<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 15 Eanáir 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta.Uimh. 22/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Future of EU agencies – Potential for more flexibility and co-operation* [Gníomhaireachtaí an Aontais amach anseo - d'fhéadfadh tuilleadh solúbthachta agus comhair a bheith ann], mar a formheasadh iad tríd an nós imeachta i scríbhinn an 15 Eanáir 2021.

## Iarscríbhinn

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *Future of EU agencies – Potential for more flexibility and co-operation* [Gníomhaireachtaí an Aontais amach anseo - d'fhéadfadh tuilleadh solúbthachta agus comhair a bheith ann]**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 22/2020 ("an Chúirt" anseo feasta) arb í a céad mheasúnú foriomlán ar na coinníollacha a chuireann an tAontas chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil beartais an Aontais á gcur i gcrích go héifeachtach ag na gníomhaireachtaí chun tairbhe na saoránach uile, lena n-áirítear a barúlacha, conclúidí agus moltaí, agus ar rannchuidiú luachmhar í chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht agus ar an gcomhar idirghníomhaireachta;

2. CUIREANN SÍ I dTREIS a fhíorábhartha atá gníomhaireachtaí an Aontais chun rannchuidiú le cur chun feidhme bheartais an Aontais agus chun tacú le comhar idir an tAontas agus na rialtais náisiúnta trí ghníomhú mar lárionaid saineolais theicniúil agus fhianaise-bhunaithe agus mar lárionaid líonraithe;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí a rinne institiúidí an Aontais ó 2012 i leith maidir le cur chun feidhme an Chur Chuige Chomhchoitinn arna shíniú ag an gCoimisiún, ag an gComhairle agus ag an bParlaimint[1], chun coinníollacha bunriachtanacha a áirithiú dá mbainistíocht agus dá bhfaireachán feidhmíocht-dhírithe in ionad cur chuige comhlíontacht-bhunaithe;

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI an úsáid is éifeachtúla a bhaintear as na Doiciméid Chlársceidealaithe Aonair mar a leagtar amach iad sa Chreat-Rialachán Airgeadais nua[2] agus sna treoirlínte gaolmhara ón gCoimisiún (C (2020)2297)[3], a bhfuiltear ag súil go mbeifear in ann athbhreithniú níos críochnúla a dhéanamh ar riachtanais atá ag teacht chun cinn freisin i gcomhthéacs Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na hiarrachtaí go léir, lena n-áirítear bunú Líonra Ghníomhaireachtaí an Aontais chun infheictheacht agus acmhainneacht cumarsáide na ngníomhaireachtaí a uasmhéadú agus ag an am céanna feabhas a chur ar mhalartú faisnéise agus treorach mar aon le huirlisí agus paraiméadair choiteanna ionas go mbeidh measúnú rialta níos comhchuibhithe ann;

---

1 https://europa.eu/european-union/sites/europaeu/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_ga.pdf

2 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32019R0715

3 https://ec.europa.eu/transparency/regdoc/rep/3/2020/GA/C-2020-2297-F1-EN-MAIN-PART-1.PDF

6. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 17 go dtí an 21 Iúil 2020, (Mír 130) agus an moladh ón meitheal idirinstitiúideach um acmhainní gníomhaireachta[4]; IS DÍOL SÁSAIMH DÍ an ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún[5] sa chomhthuiscint a comhaontaíodh do bhuiséad 2021, ina dtagraítear do Thuarascáil na Cúirte; TAGANN SÍ LE leas an Choimisiúin chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais a gcuid sainorduithe, lena n-áirítear a rialachas a neartú agus a chuíchóiriú, chomh maith le tacú le pleanáil agus tuairisciú comhchuibhithe; CUIREANN SÍ IN IÚL A RÉIDHE ATÁ SÍ plé cuiditheach a dhéanamh leis an gCoimisiún d'fhonn obair leantach chomhoibríoch a fhorbairt a luaithe is féidir, agus ar a dhéanaí don nós imeachta buiséadach don bhliain 2022;

7. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, dar teideal *Implementation of the 2014 staff reform package at the Commission - Big savings but not without consequences for staff* [Cur i bhfeidhm an phacáiste um athchóiriú foirne ag an gCoimisiún - coigilteas mór ach ní gan iarmhairtí don fhoireann];[6]

8. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle plé a dhéanamh conas is féidir cloí go hiomlán le Cur Chuige Coiteann 2012; CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le Rialachán Airgeadais an Aontais[7] agus na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr[8];

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá do Bhallstáit an Aontais aon tacaíocht is gá a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí an Aontais chun a sainordú a chomhlíonadh;

---

4 ST 13795/2017

5 Ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2020 maidir le rialachas na ngníomhaireachtaí díláraithe: 'Tá an-spéis ag an gCoimisiún a áirithiú go gcomhlíonfaidh gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais a gcuid sainorduithe, lena n-áirítear a rialachas a neartú agus a chuíchóiriú, chomh maith le tacú le pleanáil agus tuairisciú comhchuibhithe ag na gníomhaireachtaí díláraithe uile. Measann an Coimisiún go bhféadfadh. Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na freagraí uirthi, a bheith mar bhunús do bhearta leantacha comhoibríocha a mbeidh gá le tacaíocht ón gComhairle agus ón bParlaimint ina leith.'

6 ST 8635/20

7 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 *IO L 193, 30.7.2018, lch. 1-222*

8 https://ec.europa.eu/info/law/law-making-process/planning-and-proposing-law/better-regulation-why-and-how/better-regulation-guidelines-and-toolbox_ga

10. MOLANN SÍ DO NA PÁIRTITHE UILE dul ina cheann go cúramach le haon athbhreithniú nó athmhúnlú amach anseo ar bhunús dlí ghníomhaireachtaí an Aontais trí na céimeanna is gá a thabhairt chun measúnú tionchair ceart a áirithiú maidir lena réasúnaíocht, ábharthacht agus comhleanúnachas a gcuspóirí araon chomh maith leis na héifeachtaí atá beartaithe i gcomhréir le pleanáil straitéiseach níos leithne an Aontais; díriú go háirithe ar mhéid a gcomhlachtaí bainistíochta a chuíchóiriú agus ar éifeachtúlacht a samhlacha rialachais a mhéadú; ardchaighdeáin a choimeád i ndáil lena n-oibleagáidí cuntasachta agus feidhmíochta trí na noirm iomchuí uile a urramú;

11. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá cur chuige comhleanúnach, comhsheasmhach a chuirfidh institiúidí uile an Aontais lena mbaineann i bhfeidhm maidir le gníomhaireachtaí a bhunú agus a fhoirceannadh, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

a) measúnuithe tionchair cuimsitheacha sula nglacfar aon ghníomh lena mbunófar gníomhaireachtaí nua, agus aon roghanna eile, amhail cumaisc, athrú ar shainorduithe, obair chomhoibritheach, forluí nó bearnaí a bhaineann le beartas a chur i gcrích á gcur san áireamh; ní mór don Choimisiún díriú go cuí agus go leordhóthanach ar fhorchoimeádais a chuirfidh an Bord um Ghrinnscrúdú sula gcuirfear togra nua i láthair; ní mór ráiteas airgeadais mar a leagtar amach i gCaibidil 7 (Airteagail 33-36) de Rialachán 1046/2018 chomh maith le clásal éagtha nó clásal athbhreithnithe a bheith ar áireamh in aon tograí ón gCoimisiún;

b) meastóireacht ar ghníomhaireachtaí atá ann cheana, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seiceálacha feidhmíochta agus/nó oiriúnachta trasearnála chun measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas agus ábharthacht a gcuid gníomhaíochtaí agus ar na torthaí beartais a bhain siad amach agus

c) gníomhaireachtaí atá ann cheana a ailíniú a mhéid is féidir ó thaobh struchtúir rialachais, pleanála, clársceidealaithe agus cuntasachta;

Ba cheart na ceanglais sin a leagan síos sna Rialacháin lena mbunófar na gníomhaireachtaí, nó sna Rialacháin lena leasófar agus lena n-athmhúnlófar iad, agus ba cheart gach modh cóineasaithe a leanúint gan an bonn a bhaint de chuspóirí agus cúraimí ar leith gach aon ghníomhaireachta sonraí;

12. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN na moltaí ón gCúirt a scrúdú agus a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

a) a áirithiú go bhfuil bunú, feidhmiú agus foirceannadh féideartha na ngníomhaireachtaí solúbtha agus dírithe ar a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gníomhaireachtaí a sainordú agus go gcuirfidh siad a gcúraimí i gcrích agus é mar aidhm leo beartas an Aontais a chur chun feidhme agus comhar a fheabhsú laistigh den Aontas Eorpach, agus úsáid á baint as gach sineirge agus barainneacht scála is féidir ag an am céanna;

b) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme threoirlínte athbhreithnithe an Choimisiúin (C (2020)2297) maidir leis an bhfaisnéis feidhmíochta atá le cur ar fáil ag gníomhaireachtaí ar a ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus saoránaigh den Aontas Eorpach grinnscrúdú seachtrach, agus ar an gcaoi sin an fócas a aistriú ó thuairisciú ar aschur agus ar ghníomhaíochtaí go dtí rannchuidithe iarbhír na ngníomhaireachtaí le beartas an Aontais;

c) maoirseacht bhuiséadach ar ghníomhaireachtaí a fheabhsú, go háirithe trí athbhreithniú tráthúil agus acmhainní a ailíniú le riachtanais atá ag athrú;

d) cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaireachtaí an Aontais chun forálacha cur chun feidhme a athchóiriú agus rannchuidiú le dea-chleachtais a mhalartú chun críoch cuntasachta agus athbhreithnithe;

e) leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chreat rialachais agus cur chun feidhme ghníomhaireachtaí an Aontais agus iad a oiriúnú, i gcás inar gá, d'fhonn a gcuspóirí a bhaint amach ina n-iomláine;

f) ról ghníomhaireachtaí an Aontais mar ionaid barr feabhais agus líonraithe a chur chun cinn i ndáil le ceapadh agus cur chun feidhme bheartais an Aontais agus i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta níos leithne freisin;

13. IARRANN SÍ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ UILE AN AONTAIS na moltaí ón gCúirt a scrúdú agus teacht ar a gconclúidí féin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

a) ábharthacht a bpleananna oibríochta d'fhonn úsáid éifeachtúil acmhainní agus forbairt sineirgí eatarthu a uasmhéadú, nuair is féidir, chun dea-chleachtais maidir le hathbhreithniú feidhmíochta agus barainneachtaí scála a shainaithint dá bpleanáil agus dá n-aschur, go háirithe i réimsí beartais comhroinnte;

b) tuilleadh feabhais a chur ar a straitéisí cumarsáide i ndlúthchomhar lena líonra agus lena hoifig tacaíochta sa Bhruiséil, agus ar an gcaoi sin feasacht a mhúscailt faoina ról agus faoi dheiseanna fostaíochta ar gach leibhéal agus ag an am céanna iad a thabhairt níos gaire do riachtanais saoránach den Aontas Eorpach, agus an phaindéim ina sampla den obair sin;

c) cothromaíocht gheografach a mball foirne mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear mar chuid dá straitéisí acmhainní daonna faoi seach agus

d) bealaí le daoine óga tréitheacha a mhealladh;

14. MOLANN SÍ DON CHOIMISIÚN AGUS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS AG GNÍOMHÚ LE CHÉILE an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) rialachas, cuntasacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht a fheabhsú;

b) ról na ngníomhaireachtaí mar lárionaid saineolais agus líonraithe a neartú;

c) aghaidh a thabhairt ar bhealaí le tarraingteacht na gníomhaireachtaí mar fhostóirí a fheabhsú;

15. IARRANN SÍ AR AN ÚDARÁS BUISÉADACH acmhainní buiséadacha agus daonna na ngníomhaireachtaí a leithdháileadh ar bhealach solúbtha i gcomhréir le torthaí a n-athbhreithnithe feidhmíochta agus tosaíochtaí polaitiúla foriomlána an Aontais chun comhoiriúnú idir fíor-riachtanais agus buiséid leithdháilte a áirithiú, agus ag an am céanna uasteorainneacha na dteorainneacha buiséadacha bliantúla agus ilbhliantúla a urramú;

16. IARRANN SÍ AR AN gCÚIRT an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) Gnóthais Chomhpháirteacha a áireamh in aon tuarascálacha amach anseo;

b) aghaidh a thabhairt ar cheist chothromaíocht gheografach na mball foirne i ngníomhaireachtaí an Aontais in aon tuarascálacha a thiocfaidh i ngeall;

c) tuairisc a thabhairt ar bhonn rialta maidir le comhlíonadh foriomlán a moltaí agus aon bharúlacha eile a mheastar a bheith riachtanach a chur in iúl.